

Zoom – Treoir Fhabhtcheartaithe do Mhúinteoirí

Téarmaíocht

- **Zoom WebApp** – Zoom nuair a bhaintear úsáid as tríd an suíomh gréasáin (i mbrabhsálaí e.g., Chrome, Safari, etc.), tabhair faoi deara go bhfuil neart de na gnéithe a chuireann Zoom Client ar fail nach bhfuil ar fáil i Zoom WebApp.
- **Zoom Client** – Seo é an feidhmchlár Windows/Mac. Seo é an leagan is fearr le húsáid.

Rochtain ar shocrúcháin

Zoom client (Feidhmchlár PC agus Mac)

- Ón scaileán baile: Clliceáil ar an **roth fiacloch** ag barr ar dheis.
- Sa chruinniú: Clliceáil ar an **sciath ghlas** ag barr ar chlé, ansin ar an roth fiacloch ar barr ar dheis san fhuinneog a osclaítear

Android / iOS

- On scáileán baile: Clliceáil ar an gcnaipe **Settings** ag bun ar dheis.
- Sa chruinniú: Tapáil an scáileán chun cnaipí a thaispeáint. Clliceáil ar an gcnaipe **More** ag bun ar dheis. Ansin clliceáil ar **Meeting Settings (Socrúcháin Chruinnithe)**.

WebApp

- Ní chuireann WebApp na socrúcháin chéanna ar fáil. Íoslódáil Zoom Client ina áit sin.



Fadhbanna fuaime

- Déan cinnte nach bhfuil an fhuaim múchta trí chliceáil ar an gcnaipe **Mute/Unmute (Múch/Dímhúch)** ag an mbun ar chlé den chruinniú. *(Is í an eochair aicearra Alt + A)*

- Sna socrúcháin Audio, clliceáil ar **Test Speaker** agus déan cinnte go gcloiseann tú an tonn. Mura gcloiseann tú é, athraigh an callaire roghnaithe trí chliceáil ar an roghchlár anuas ar thaobh na láimhe deise den chnaipe **Test Speaker**. Déan an triail arís go dtí go n-aimseoidh tú an t-aschur ceart.

- Clliceáil ar **Test Mic** agus labhair. Ba chóir go gcloisfeá tú féin. Mura gcloiseann, cliceáil ar roghchlár anuas agus téigh trí na micreafóin go dtí go n-aimseoidh tú an ceann ceart.

- Bain úsáid as cluasáin lena chinntiú nach mbíonn macalla ann. Cruthaítear macalla nuair a phiocann do mhicreafón suas an t-aschur ó na callairí.



Fadhbanna físeáin

- Déan cinnte go bhfuil físeán cumasaithe agat trí chliceáil ar an gcnaipe **Start video** ag bun ar chlé sa chruinniú. (*Is í an eochair aicearra Alt + V*)
- Agus Zoom á thosú agat, déan cinnte go roghnaíonn tú **Allow camera access**.
- I socrúcháin físeáin, déan cinnte go bhfuil an ceamara ceart roghnaithe ag baint úsáide as an roghchlár anuas.
- Anseo freisin is féidir leat na roghanna seo a dhéanamh: **enable HD** nó **disable HD**, **adjust for lowlight**, nó **Touch up your appearance**.

Nóta: Bainfidh na socrúcháin seo úsáid as níos mó bandaleithid, i.e., má tá do nasc go dona, díchumasaigh iad.

Fadhbanna le nascadh/moilliú/reo

Zoom Client / fón póca

- Seiceáil do nasc, déan cinnte nach bhfuil daoine eile ag sruthlú/íoslódáil ar an Wi-Fi céanna.
- Más féidir, bain úsáid as nasc le sreang. (Ethernet)
- Díchumasaigh **HD** agus **Touch up my appearance** i do shocrúcháin físe.

Zoom Webapp

- Clliceáil ar **More** ar an barra ag bun an scáileáin Zoom.
- Clliceáil ar Disable video receiving.

Zoom a nuashonrú

- Bíonn neart fadhbanna ann de bharr sean-leagan de Zoom a úsáid
- Féach: <https://www.youtube.com/watch?v=E7zERcVLUBM&feature=youtu.be>

Zoom Client

- Ón scáileán baile, clliceáil ar an gcnaipe **próifíle** ag barr ar dheis.
- Roghnaigh Check for update.
- Inseoidh Zoom leat go bhfuil an leagan reatha agat nó taispeánfaidh sé cnaipe **Download**. Má thaispeánann, clliceáil ar **Download** le híoslódáil.
- Déanfaidh Zoom an nuashonrú a shuiteáil anois agus ansin seolfaidh sé ar ais chuig an scáileán baile tú.

Android/iOS

- Roghnaigh **Settings** ón mbarra ag an mbun.
- Roghnaigh **About** agus ansin **Version**.
- Déanfaidh Zoom an nuashonrú a shuiteáil nó inseoidh sé duit 'Zoom is up to date'.